# 1. Faisnéis faoin Dámhachtain Tionscadail sna hEalaíona Traidisiúnta

## 1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Tá dhá shnáithe sa dámhachtain seo.

### Snáithe 1: Scála Beag & Meánscála

Is é cuspóir Shnáithe 1 tacú le tionscadail aonuaire nó ghearrthéarmacha atá faoi stiúir na n-ealaíon traidisiúnta ach a bhféadfadh comhar le foirmeacha eile ealaíne a bheith i gceist leo.

Tabharfar tús áite do thionscadail lena léirítear:

- Aird ar chaighdeán ealaíonta
- Cruthaitheacht
- Tairbhe shuntasach do phobal na n-ealaíon traidisiúnta.

### Snáithe 2: Mórscála

Is é cuspóir Shnáithe 2 tacú le:

- Tionscadail uaillmhianacha ardchaighdeáin, lena n-áirítear iad sin a d'fhéadfadh tionchar suntasach agus buan a imirt ar chúrsaí ealaíon traidisiúnta
- Tionscnaimh uaillmhianacha ar scála mór faoi stiúir ealaíontóirí ag a bhfuil cuntas teiste follasach i gcleachtas gairmiúil na n-ealaíon traidisiúnta ina ndírítear go sonrach ar shaothar, imeacht nó tionscadal a chruthú do lucht féachana suntasach
- Tionscadail ina gcuimsítear léiriú an-chruthaitheach ar stór níos leithne agus/nó oibriú i gcomhar le cleachtóirí saineolacha
- Ealaíontóirí a théann i mbun próisis chruthaitheacha chomhoibritheacha nó cheaptha.

D'fhéadfadh siad seo a leanas a bheith i gceist le tograí féideartha i Snáithe 1 agus Snáithe 2:

- Cruthú agus/nó cur i láthair saothair nua a bheith bainteach leo
- Deiseanna forbartha suntasacha a chur ar fáil do chleachtóirí
- Cinn ina gcuirtear béim ar ábhar cartlainne
- Cinn ina gcuirtear béim ar fhorbairt lucht féachana, ar fhorbairt ghairmiúil agus ar thaighde
- Tograí atá dírithe ar thaibhléiriú agus ar stór nach bhfuil cur amach ag an lucht éisteachta thar gach seánra sna healaíona traidisiúnta orthu (ceol, amhránaíocht, damhsa agus/nó na healaíona béil, ar nós scéalaíochta agus

